I

(Rúin, moltaí agus tuairimí)

MOLTAÍ

AN BANC CEANNAIS EORPACH

MOLADH ÓN M BANC CEANNAIS EORPACH

of 27 Iúil 2022

do Chomhairle an Aontais Eorpaigh maider le hiniúchóirí seachtracha De Nederlandsche Bank

(BCE/2022/27)

(2022/C 297/01)

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 27.1 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Déanann iniúchóirí seachtracha neamhspleácha atá molta ag Comhairle Rialaithe an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE) agus arna bhformheas ag Comhairle an Aontais Eorpaigh iniúchadh ar chuntais an BCE agus ar chuntais bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

(2) In 2018, bhí KPMG Accountants N.V. s.r.o roghnaithe ag De Nederlandsche Bank mar iniúchóirí seachtracha do na blianta airgeadais 2019 go dtí 2022, leis an rogha an sainordú a shíneadh go dtí an bhliain airgeadais 2025 ([1]).

(3) Tiodfaidh deireadh le sainordú iniúchóirí seachtracha reatha De Nederlandsche Bank, KPMG Accountants N.V., tar éis an iniúchta don bhliain airgeadais 2022. Dá bhrí sin, is gá iniúchóirí seachtracha a cheapadh don bhliain airgeadais 2023.

(4) Tá sé ar intinn ag De Nederlandsche Bank sainordú KPMG Accountants N.V. a shíneadh go dtí na blianta airgeadais 2025. Tá an síneadh sin indéanta i gcomhréir leis na socruithe conarthacha idir De Nederlandsche Bank and KPMG Accountants N.V.,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

Moltar go gceapfaí KPMG Accountants N.V. mar iniúchóirí seachtracha ar De Nederlandsche Bank do na blianta airgeadais 2023 go dtí 2025.

([1]) Moladh BCE/2018/25 ón mBanc Ceannais Eorpach an 19 Deireadh Fómhair 2018 do Chomhairle an Aontais Eorpaigh maidir le hiniúchóirí seachtracha De Nederlandsche Bank (IO C 394, 30.10.2018, lch. 1).

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, 27 Iúil 2022.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE